Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2021
(OR. en)

8460/21

LIMITE

UK 134

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dearbhú an Aontais maidir le hOileánra Chagos/Críoch Aigéan Indiach na Breataine<br>- Dearbhú an Aontais formheasta ag an gComhairle<br>- Cinneadh maidir lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil |

1. In Airteagal 774 den Chomhaontú Trádála agus Comhair[1] idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, déantar raon feidhme críochach an Chomhaontaithe a shainiú.

2. I mír 4 d'Airteagal 774 den Chomhaontú, liostaítear na críocha thar lear a bhfuil caidreamh speisialta acu leis an Ríocht Aontaithe nach mbaineann an Comhaontú leo.

3. An 6 Bealtaine 2021, phléigh an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe an t-ábhar, go háirithe a mbaineann le Críoch na Breataine san Aigéan Indiach (ST 8459 2021 INIT). D'aontaigh na Ballstáit leis an bhfoclaíocht i ndearbhú an Aontais mar a leagtar amach san Iarscríbhinn í, a bheidh le tarchur chuig an Ríocht Aontaithe ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais.

[1] (IO L 149, 30.04.2021, lch. 10-2539).

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid a leanas a dhéanamh:

– a dhaingniú go n-aontaíonn sé le téacs dhearbhú an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo;

– a mholadh go bhformheasfadh an Chomhairle dearbhú an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo;

– a chinneadh go bhfoilseofar Dearbhú an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

**Dearbhú an Aontais maidir le hOileánra Chagos/Críoch Aigéan Indiach na Breataine**

Dearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil an tagairt do Chríoch Bhriotanach an Aigéin Indiaigh i mír 4 d'Airteagal 774 den Chomhaontú le léiriú agus le cur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta is infheidhme.